**Leasú 488**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| **‘**2. Pacáistíocht nach bhfuil gá ***léi*** chun aon cheann de na critéir ***feidhmíocht*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn IV*** a chomhlíonadh ***agus pacáistíocht ag a bhfuil saintréithe nach bhfuil gá leo ach amháin chun toirt bhraite an táirge a mhéadú, lena n-áirítear ballaí dúbailte, íochtair bhréige, agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear*** ar an margadh ***iad***, ach amháin má ***bhíonn*** dearadh ***na pacáistíochta*** faoi réir tásca geografacha tionscnaimh ***a chosnaítear*** faoi reachtaíocht an Aontais***.*** | 2. ***Ní chuirfear*** pacáistíocht nach bhfuil gá ***leis*** chun aon cheann de na critéir ***feidhmíochta*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn IV*** a chomhlíonadh ar an margadh, ach amháin má ***tá*** dearadh ***an phacáistithe agus/nó an táirge pacáistithe*** faoi réir tásca geografacha tionscnaimh faoi reachtaíocht an Aontais ***nó má tá sé faoi réir cosaint ceart maoine intleachtúla*** |

Or. en

**Leasú 489**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. | 1. ***Faoin 31 Nollaig 2030,*** ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. |

Or. en

16.11.2023A9-0319/490

**Leasú 490**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i ***bpointe 3*** d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030. | 2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i ***bpointí 3 agus 4*** d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030. |

Or. en

16.11.2023A9-0319/491

**Leasú 491**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó ***phointe 3 d'***Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide. | 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide. |

Or. en

16.11.2023A9-0319/492

**Leasú 492**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Ina theannta sin, díolmhófar oibreoirí eacnamaíocha ó cheanglais an Airteagail seo más rud é, bunaithe ar mheasúnú saolré deimhnithe tríú páirtí, go dtugann na formáidí a liostaítear in Iarscríbhinn V toradh comhshaoil níos fearr ar an iomlán i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE nó nuair atá údar cuí leis mar gheall ar imní a bhaineann le sláinte phoiblí, sláinteachas bia agus sábháilteacht bia.*** |

Or. en

16.11.2023A9-0319/493

**Leasú 493**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 14 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361/CE1a ón gCoimisiún de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | (b) go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361/CE1a ón gCoimisiún de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***nó*** |

Or. en

16.11.2023A9-0319/494

**Leasú 494**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 14 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) a oibrítear i mBallstát ina bhfuil an ráta bailithe ar leithligh pacáistíochta arna thuairisciú don Choimisiún faoi Airteagal 50(2), pointe (b), os cionn 85 % de réir mheáchan na pacáistíochta sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sa bhliain féilire 2027 nó in aon bhliain féilire ina dhiaidh sin. I gcás pacáistíocht a chumhdaítear leis an oibleagáid in Airteagal 44(1), féadfaidh an díolúine sin a bheith bunaithe ar an tuairisciú faoi Airteagal 50(1), pointe (c), murach sin.*** |
| | ***I gcás ina léiríonn an tuairisciú sin go bhfuil ráta bailithe ar leithligh an ábhair pacáistíochta faoi seach faoi bhun 85 %, tíolacfaidh an Ballstát plean cur chun feidhme ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear amlíne lena n-áirithítear go mbainfear amach an ráta bailithe ar leithligh de 85 % de réir mheáchan an ábhair pacáistíochta faoi seach laistigh de 2 bhliain.*** |

Or. en

16.11.2023A9-0319/495

**Leasú 495**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***lena húsáid laghdaítear*** go suntasach éilliú múirín le pacáistíocht neamh-inmhúirínithe; ***agus*** | (e) ***laghdaíonn a úsáid*** go suntasach éilliú múirín le pacáistíocht neamh-inmhúirínithe ***agus, ós rud é go gcomhlíonann sé caighdeán múirínithe an Aontais, ní chruthaíonn sé aon fhadhbanna maidir le próiseáil bithdhramhaíola***; |

Or. en

*Réasúnú*

*Is é is aidhm don leasú a shoiléiriú go ráthaítear le comhlíonadh chaighdeán EN 13432 mar a tugadh cothrom le dáta é (féach airteagal 8.5 a) - nó le caighdeán nua a d'fhéadfadh a bheith ann - nach mbeidh fadhbanna ann i sruth bithdhramhaíola.*

16.11.2023A9-0319/496

**Leasú 496**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ***lena húsáid ní mhéadaítear*** éilliú sruthanna dramhaíola ***pacáistíochta*** neamh-inmhúirínithe. | (f) ***ní mhéadaíonn a úsáid, ós rud é go mbaineann sé le feidhmeanna teagmhála bia atá le próiseáil le sruth bithdhramhaíola,*** éilliú sruthanna dramhaíola ***ó phacáistíocht*** neamh-inmhúirínithe. |

Or. en

16.11.2023A9-0319/497

**Leasú 497**
**Pietro Fiocchi, Nicola Procaccini**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Feidhmiúlacht na pacáistíochta: áiritheoidh dearadh na pacáistíochta feidhmiúlacht na pacáistíochta, lena n-áirítear critéir maidir le tomhaltóirí a bheith ag glacadh le táirgí. Is éard a bheidh i gceist le glacadh tomhaltóirí meascán de shaintréithe na tarraingteachta amhairc a bhraitear agus/nó éascaíocht na húsáide a bhraitear a bheith ann a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí cinntí ceannaigh saor in aisce a dhéanamh. Urramófar na heilimintí dearaidh is gá chun aitheantas sainiúil táirgí, cearta maoine intleachtúla nó tásca geografacha tionscnaimh a léiriú faoi reachtaíocht an Aontais.*** |

Or. en